C/2024/5171

20.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11623 — BPCE / SGEF)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5171)

1. An 9 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Grúpa BPCE (an Fhrainc), ([2])

— Gnólacht airgeadais trealaimh Société Générale ('SGEF'), (an Fhrainc), ar le Société Générale S.A. (an Fhrainc) í.

Gheobhaidh BPCE Group rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SGEF ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn BPCE Group in earnáil na baincéireachta miondíola agus earnáil an árachais sa Fhrainc agus tá sé gníomhach ar fud na cruinne freisin trí sheirbhísí bainistíochta rachmais a sholáthraíonn Natixis Investment Managers agus gníomhaíochtaí baincéireachta mórdhíola Natixis Corporate & Investment Banking. Tá BPCE Group gníomhach in earnáil an léasaithe freisin trí BPCE Lease,

— Tá SGEF gníomhach i réimse an léasaithe san Eoraip, sa Bhrasaíl agus sna Stáit Aontaithe agus déanann sé sainchúram d'airgeadas trealaimh díoltóra agus ghairmiúil i gceithre phríomhearnáil: iompar, trealamh tionsclaíoch, teicneolaíocht agus an earnáil leighis agus earnáil an chomhshaoil. Cuireann SGEF raon leathan réiteach airgeadais trealaimh (lena n-áirítear iasachtaí, léasanna airgeadais, léasanna oibriúcháin agus fruilcheannach) agus seirbhísí ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) lena n-áirítear BPCE S.A,
([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11623 — BPCE / SGEF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË